ESA 2022 15

# Tugann rialtóirí airgeadais AE rabhadh do thomhaltóirí faoi na rioscaí a bhaineann le criptea-shócmhainní

Tugann na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚBE, ESMA agus ÚEÁPC – na ÚMEnna) rabhadh do thomhaltóirí go bhfuil riosca an-mhór ag gabháil le go leor criptea-shócmhainní agus gur sócmhainní amhantracha iad. Níl siad seo oiriúnach d’fhormhór na dtomhaltóirí miondíola mar infheistíocht nó mar mhodh íocaíochta nó malairte.

Tá an fhíorfhéidearthacht ann go gcaillfidh tomhaltóirí a gcuid airgid infheistithe go léir má cheannaíonn siad na sócmhainní seo. Ba cheart do thomhaltóirí a bheith ar an airdeall maidir leis na rioscaí a bhaineann le fógraí míthreoracha, lena n-áirítear trí na meáin shóisialta agus tionchairí. Ba cheart go mbeadh tomhaltóirí ar an airdeall go háirithe maidir le brabúis ghasta nó brabúis arda, go háirithe iad siúd a bhfuil cuma rómhaith orthu le bheith fíor.

Ba cheart go mbeadh tomhaltóirí ar an eolas faoin easpa ceart cúitimh nó cosanta atá ar fáil dóibh, ós rud é go hiondúil go dtagann criptea-shócmhainní agus táirgí agus seirbhísí gaolmhara lasmuigh den chosaint atá ann cheana faoi rialacha reatha seirbhísí airgeadais an AE.

## RUDAÍ BA CHÓIR DUIT A FHIOSRÚ AGUS A SHEICEÁIL

Ba cheart duit a bheith ar an eolas faoi na rioscaí sonracha a bhaineann le criptea-shócmhainní agus táirgí agus seirbhísí gaolmhara agus a mheas go cúramach cibé an bhfuil na rioscaí inghlactha i bhfianaise do chuid sainroghanna agus do chás airgeadais. Ina measc seo tá an riosca:

- go bhféadfá an t-airgead go léir a infheistíonn tú a chailleadh;
- gur féidir le praghsanna titim agus ardú go tapa laistigh de thréimhse ghearr;
- go bhféadfadh camscéimeanna, calaois, earráidí oibriúcháin nó cibearionsaithe teacht salach ort; agus
- nach dócha go mbeidh aon chearta cosanta nó cúitimh agat má théann rudaí amú.

Má tá tú ag smaoineamh ar chriptea-shócmhainní nó táirgí agus seirbhísí gaolmhara a cheannach, ba cheart duit na ceisteanna seo a leanas a chur ort féin:

- an bhfuil sé d'acmhainn agat an t-airgead go léir a infheistíonn tú a chailleadh?
- an bhfuil tú réidh le rioscaí arda a ghlacadh chun na brabúis atá fógartha a thuilleamh?
- an dtuigeann tú gnéithe na criptea-shócmhainne nó na dtáirgí agus na seirbhísí gaolmhara?
- an bhfuil dea-cháil ar na comhlachtaí/páirtithe a bhfuil tú ag déileáil leo?

- an bhfuil na gnólachtaí/páirtithe a bhfuil tú ag déileáil leo ar liosta dubh ag na húdaráis náisiúnta ábhartha?[1]
- an bhfuil tú in ann na gléasanna a úsáideann tú chun criptea-shócmhainní a cheannach, a stóráil nó a aistriú a chosaint go héifeachtach, lena n-áirítear d'eochracha príobháideacha?

**Cad iad na príomhrioscaí?**

- **Gluaiseachtaí praghais foircneacha:** bíonn go leor criptea-shócmhainní faoi réir gluaiseachtaí tobanna agus foircneacha praghais agus bíonn siad amhantrach, toisc go mbraitheann a bpraghas go minic ar éileamh na dtomhaltóirí amháin (i.e. d'fhéadfadh nach mbeadh aon sócmhainní tacaíochta nó luach inláimhsithe eile ann). Seans go gcaillfidh tú cuid mhór airgid nó fiú an t-airgead go léir a infheistíodh. Ciallaíonn na gluaiseachtaí móra praghais freisin go bhfuil go leor criptea-shócmhainní mí-oiriúnach mar stór luacha, agus mar mhodh malairte nó íocaíochta;
- **Faisnéis mhíthreorach:** déantar roinnt criptea-shócmhainní agus táirgí gaolmhara a fhógairt go hionsaitheach don phobal, ag baint úsáid as ábhar margaíochta agus faisnéis eile a d'fhéadfadh a bheith doiléir, neamhiomlán, míchruinn nó fiú míthreorach d'aon ghnó. Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh fógraí ar na meáin shóisialta an-ghearr, ag díriú ar na gnóthachain fhéideartha ach ní ar na rioscaí arda atá i gceist. Ba cheart duit a bheith ar an airdeall freisin faoi thionchairí na meán sóisialta a mbíonn dreasacht airgeadais acu go hiondúil chun criptea-shócmhainní agus táirgí agus seirbhísí gaolmhara áirithe a mhargú agus a d'fhéadfadh a bheith claonta mar sin sna cumarsáidí a eisíonn siad;
- **Easpa cosanta:** tá tromlach na gcriptea-shócmhainní agus díol táirgí nó seirbhísí i ndáil le criptea-shócmhainní neamhrialaithe san Aontas.[2] Sna cásanna seo ní bhainfidh tú leas as na cearta agus na cosaintí atá ar fáil do thomhaltóirí le haghaidh seirbhísí airgeadais rialaithe, amhail meicníochtaí gearáin nó ceart cúitimh;
- **Castacht an táirge:** tá roinnt táirgí a sholáthraíonn nochtadh do chriptea-shócmhainní an-chasta, uaireanta le gnéithe ar féidir leo méid na gcaillteanas a mhéadú i gcás gluaiseachtaí praghsanna díobhálacha. Níl na táirgí seo, i bhfianaise a gcastachta, oiriúnach do go leor tomhaltóirí;
- **Calaois agus gníomhaíochtaí mailíseacha:** tá go leor criptea-shócmhainní falsa agus camscéimeanna ann agus ba chóir go mbeadh a fhios agat gurb é an t-aon chuspóir atá leo ná do chuid airgid a bhaint díot ag baint úsáid as teicnící éagsúla, mar shampla fioscaireacht;
- **Cúbláil mhargaidh, easpa trédhearcachta praghais agus leachtacht íseal:** is minic nach mbíonn trédhearcacht ag baint leis an tslí a gcinntear praghsanna criptea-

[1] Tabhair faoi deara nach ráthaíocht ar bith é gan a bheith ar an liosta dubh go bhfuil sé sábháilte gnó a dhéanamh le gnólacht/páirtí

[2] Tá rialacha náisiúnta curtha i bhfeidhm ag roinnt Ballstát san AE chun criptea-shócmhainní áirithe agus táirgí nó seirbhísí gaolmhara a rialáil. Ina theannta sin, ceanglaítear ar sholáthraithe roinnt cineálacha seirbhísí criptea-shócmhainne, lena n-áirítear seirbhísí malartaithe agus seirbhísí coimeádta a bheith údaraithe nó cláraithe chun críocha frith-sciúrtha airgid agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta. Iarr tuilleadh sonraí ar an údarás inniúil ábhartha.

shócmhainní ná an tslí a gcuirtear na hidirbhearta i gcrích ag malartáin. Bíonn criptea-shócmhainní áirithe i seilbh líon beag daoine freisin, rud a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar phraghsanna nó ar leachtacht. Mar sin b'fhéidir nach bhfaighidh tú praghas cothrom nó nach gcaithfear go cothrom leat agus tú ag ceannach nó ag díol criptea-shócmhainní, nó b'fhéidir nach mbeidh tú in ann do chriptea-shócmhainní a dhíol chomh tapa agus a theastaíonn uait mura bhfuil ceannaitheoir ionchasach ann. Tuairiscítear cásanna cúblála margaidh go minic; agus

- **Haiceáil, rioscaí oibriúcháin agus saincheisteanna slándála:** is féidir rioscaí sonracha a bheith ag baint leis an teicneolaíocht mórleabhar dáilte atá mar bhonn agus taca le criptea-shócmhainní. Tá taithí ag roinnt eisitheoirí agus soláthraithe seirbhísí do chriptea-shócmhainní, lena n-áirítear criptea-mhalartuithe agus soláthraithe sparán, ar chibearionsaithe agus ar mhórfhadhbanna oibriúcháin. Chaill go leor tomhaltóirí a gcuid criptea-shócmhainní nó chaill siad chuid mhór de bharr haiceálaithe agus cur isteach den sórt sin nó toisc gur chaill siad na heochracha príobháideacha a sholáthraíonn rochtain ar a gcuid sócmhainní.

## Eolas cúlra

Tá an Rabhadh seo bunaithe ar Airteagal 9(3) de Rialacháin bhunaidh na ÚMEanna.[3] Leanann sé rabhaidh níos luaithe maidir leis na rioscaí a bhaineann le criptea-shócmhainní a cheannach/a choinneáil.[4,5,6]

Is féidir criptea-shócmhainní a shainmhíniú mar léiriú digiteach ar luach nó ar chearta a fhéadfar a aistriú agus a stóráil go leictreonach, ag baint úsáid as teicneolaíocht mórleabhair dáilte nó teicneolaíocht den sórt céanna.

Tugann na ÚMEanna faoi deara go bhfuil méadú ag teacht ar ghníomhaíocht agus ar spéis tomhaltóirí i gcriptea-shócmhainní, lena n-áirítear airgeadraí fíorúla mar a thugtar orthu agus go bhfuil cineálacha nua criptea-shócmhainní agus táirgí agus seirbhísí gaolmhara ag teacht chun cinn, mar shampla comharthaí neamh-idirmhalartacha mar a thugtar orthu, díorthaigh le criptea-shócmhainní mar bhunsócmhainní, polasaithe árachais saoil aonadnasctha le criptea-shócmhainní mar bhunshócmhainní agus feidhmchláir díláraithe airgeadais, a mhaíonn go ngineann siad brabúis arda agus/nó brabúis ghasta. Is ábhar imní do na ÚMEanna é go bhfuil méadú ag teacht ar líon na dtomhaltóirí atá ag ceannach na sócmhainní sin agus iad ag súil go bhfaighidh siad toradh maith gan tuiscint acu ar na rioscaí arda atá i gceist.

---

[3] Rialachán (AE) 2019/2175 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) 1093/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), IO L 331, 15.12.2010, lch. 12: Rialachán (AE) 1094/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), IO L 331, 15.12.2010, lch. 48; Rialachán (AE) 1095/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), IO L 331, 15.12.2010, lch. 84.

[4] EBA (2013), *Warning to consumers on virtual currencies*, 12 Nollaig

[5] ESAs (2018), *ESAs warn consumers of risks in buying virtual currencies*, 12 Feabhra

[6] ESMA (2021), *ESMA sees high risks for investors in non-regulated crypto-assets*, 17 Márta.

I mí Mheán Fómhair 2020, chuir an Coimisiún Eorpach togra reachtach i láthair le haghaidh rialacháin maidir le margaí criptea-shócmhainní.[7] Soláthraíonn an togra creat cuimsitheach chun rialáil agus maoirsiú a dhéanamh ar eisitheoirí agus soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní d'fhonn tomhaltóirí agus sláine agus cobhsaíocht an chórais airgeadais a chosaint. Meabhraítear do thomhaltóirí, áfach, go bhfuil an togra fós faoi réir thoradh an phróisis chomhreachtaigh.[8] Ní bhainfidh tomhaltóirí leas faoi láthair as aon cheann de na cosaintí dá bhforáiltear sa togra sin go dtí go nglacfar é agus go mbeidh feidhm aige.

Amhail ag dáta an rabhaidh seo, tá níos mó ná 17,000 criptea-shócmhainn éagsúla ann, agus uaireanta tagraítear do chuid acu mar 'airgeadraí fíorúla' nó 'boinn dhigiteacha' nó 'comharthaí' mar a thugtar orthu.[9] I measc na gcriptea-shócmhainní is suntasaí go dtí seo tá Bitcoin agus éitear, arb ionann iad le chéile agus thart ar 60% de chaipitliú iomlán an mhargaidh criptea-shócmhainní. Tá tomhaltas fuinnimh roinnt criptea-shócmhainní ard, e.g., ó phróisis mhianadóireachta agus bhailíochtaithe, agus ba cheart go mbeadh tomhaltóirí ar an eolas faoina dtionchar ar an gcomhshaol.[10]

[7] Togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margaí i gcriptea-shócmhainní, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937, COM/2020/593, 24/09/2020.
[8] An gnáthnós imeachta reachtach - Consilium (europa.eu)
[9] Foinse: Coinmarketcap.com, dáta amhail ar 3 Márta 2022
[10] Gheofar tuilleadh sonraí ag, mar shampla, an Cambridge Centre for Alternative Finance (2022), 'Cambridge Bitcoin Electricity Consumption Index'